



An Roinn Tithíochta,  
Pleanála agus Rialtais Áitiúil  
Department of Housing,  
Planning and Local Government

## **Scéimeanna cúnamh airgeadais a riar faoin gClár Uisce Tuaithe Ibhliantúil 2019-2021 (Fógra Príobháideachais)**

Is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, as pleanáil fhisiceach agus spásúil, as rialtas áitiúil agus as réamhaisnéisiú na haimsire.

Tá an Roinn tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Mínítear san Fhógra Príobháideachais seo an chaoi a bpróiseálfaidh an Roinn, mar an Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil di maidir le bainistiú agus riarachán na scéimeanna cúnamh airgeadais atá liostaithe ag 1-4 thíos; conas a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus na cearta is féidir leat a fheidhmiú maidir le do shonraí pearsanta.

Baineann na scéimeanna cúnamh airgeadais seo a leanas, arna riar ag an Roinn, le seirbhísí uisce tuaithe:

- 1 Rialacháin Tithíochta (Cúnamh Airgeadais um Chórais Chóireála Dramhuisce Tí) 2020
- 2 Rialacháin Tithíochta (Cúnamh Airgeadais um Chórais Chóireála Dramhuisce Tí do Réimsí Tosaíochta Gníomhaíochta) 2020
- 3 Rialacháin Tithíochta (Cúnamh Airgeadais um Chórais Chóireála Dramhuisce Tí do Limistéir Dhobharcheantair a bhfuil Cuspóir Ardstádais ag Gabháil Leo) 2020
- 4 Rialachán Tithíochta (Cúnamh Airgeadais do Sholáthar Uisce Príobháideach) 2020

**Catagóirí sonraí pearsanta**

Próiseálann an Roinn na sonraí pearsanta seo a leanas maidir le riarachán na scéimeanna cúnamh airgeadais atá liostaithe anseo:

- Éirchód an iarratasóra.

### **Foinse na sonraí pearsanta**

Chuir an t-údarás tithíochta do chuid sonraí pearsanta ar fáil don Roinn a ndearna tú iarratas ar chúnamh airgeadais dóibh faoi cheann de na scéimeanna atá liostaithe anseo agus a fuair tú chúnamh deontais dá réir.

### **Cuspóirí na próiseála**

Úsáidfidh an Roinn do chuid sonraí d'fhonn;

- An próiseas cúitimh a bhainistiú i leith riarachán na scéimeanna deontais thuasluaite ag údaráis tithíochta, agus
- A freagrachtaí rialachais agus maoirseachta a urscaoileadh.

Ní phróiseálfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta chun aon chríche seachas an cuspóir ar bailíodh iad ina leith.

Is riachtanas é do chuid sonraí pearsanta a sholáthar d'fhonn ligean do na húdaráis tithíochta incháilitheacht iarratasóirí ar na scéimeanna cúnamh airgeadais faoi seach a chinneadh. Tá sé de dhualgas ort na sonraí seo a sholáthar, agus mura ndéantar amhlaidh d'fhéadfaí diúltú do d'iarratas.

### **Próifiliú**

Ní úsáidfidh an Roinn aon sonraí pearsanta a bhaileofar uait maidir le riar scéimeanna cúnamh airgeadais, mar atá liostaithe anseo, chun cinnteoireacht uathoibríthe, nó chun críocha próifílithe.

### **Dlíthiúlacht na próiseála**

Tá an phróiseáil seo ar do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagal 6(1)(e):

*“tá an phróiseáil dleathach is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílisithe sa rialaitheoir”.*

Faoi na Rialacháin atá liostaithe ag 1-4 thuas, cuirfidh údaráis áitiúla cúraimí i gcrích ar mhaithe le leas an phobail chun comhlíonadh Chreat-Treoir an Aontais Eorpaigh a

chinntiú. Feidhmíonn na húdaráis áitiúla údarás oifigiúil de bhun an Achta Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979 agus na Rialacháin atá beartaithe.

### **Slándáil de do shonraí pearsanta**

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagrúcháin iomchuí i bhfeidhm chun d'fhaisnéis a chosaint ar rochtain neamhúdaraíthe. Ach, in ainneoin na n-iarrachtaí seo, áfach, níl aon bhearta slándála foirfe nó do-airithe, agus ní féidir aon mhodh chun sonraí a tharchur a ráthú i gcoinne aon idircheapadh nó mí-úsáide de chineál eile. Sa chás go gcuirtear do chuid sonraí pearsanta i mbaol mar thoradh ar shárú slándála, cuirfear prótacal na Roinne chun déileáil le sárúithe sonraí pearsanta i bhfeidhm.

### **Faighteoirí na sonraí**

Ní fhoilsítear sonraí pearsanta agus ní dhéantar iad a chur in iúl ná a roinnt le tríú páirtí ar bith, ach amháin tríú páirtí amhail Ranna Rialtais eile, údaráis tithíochta, gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó comhlachtaí poiblí eile, in imthosca áirithe ina ndéantar foráil dóibh seo le dlí.

### **Aistrithe Sonraí Trasteorann**

Ní aistroidh an Roinn sonraí pearsanta a bhaileofar maidir le riar scéimeanna cúnamh airgeadais mar atá liostaithe anseo chuig aon tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/LEE.

### **Cá fhad a choimeádfar do chuid sonraí?**

Ní choimeádfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta ach a fhad is gá chun na gcríoch ar bailíodh agus ar próiseáladh iad ina leith.

De réir na riachtanas reachtach agus gnó, is í an tréimhse coinneála sonraí le haghaidh do shonraí pearsanta, sa chás seo, ceithre bliana tar éis an dáta deiridh d'iarratais faoi aon cheann de na scéimeanna atá liostaithe anseo.

### **Do chearta**

Tá [Beartas Cosanta Sonraí](#) na Roinne, ina leagtar amach conas a úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta, chomh maith le faisnéis a sholáthar maidir le do chearta mar

ábhar sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir le ceart rochtana, ceart chun ceartaithe, ceart chun scriosadh, ceart chun srian a chur ar phróiseáil, ceart agóid a dhéanamh), ar fáil ar ár suíomh Gréasáin. Tá an beartas ar fáil i gcóip chrua freisin arna iarraidh sin.

Má mheasann tú gur sáraíodh do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann ([www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie)), agus tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach a lorg.

### **Teagmháil a Dhéanamh Linn**

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait, nó más mian leat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta, téigh i dteagmháil le **hOifigeach Cosanta Sonraí** na Roinne , sonraí thíos:

**Oifigeach Cosanta Sonraí,**

**An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil,**

**Bóthar an Bhaile Nua,**

**Loch Garman**

**Ríomhphost: [data.protection@housing.gov.ie](mailto:data.protection@housing.gov.ie)**

**Teileafón: 053 9117450**